# FÓGRA LÁITHREÁIN

Comhairle Contae Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

**Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Oifigí Cathartha, Lár an Bhaile, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24**
**Teileafón: 01 - 4149000**
**Facs: 01 – 4149209**

**AN tACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ)**
**NA RIALACHÁIN UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT (ALT 179A) 2023 (I.R. UIMH. 101 AS 2023) - (CUID 8 DÍOLÚINE SEALADACH)**

**COMHAIRLE CONTAE BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS - FÓGRA I dTAOBH FORBAIRT BHEARTAITHE DE BHUNALT 179A DEN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2000 (ARNA LEASÚ).**

**Suíomh:**
Suíomh ag 62 Páirc an tSáirséalaigh, Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath.

**Cineál agus Méid na Forbartha Beartaithe:**
De bhun cheanglais Alt 179A den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), tugann Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas (CCBÁCT) fógra leis seo chun Forbairt Tithíochta Aoisbháúil a thógáil ar thalamh CCBÁCT ag Páirc an tSáirséalaigh, Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath.

Beidh an fhorbairt tithíochta atá beartaithe comhdhéanta de 5 aonad árasán agus beidh an méid seo a leanas i gceist:

i. Tógáil Uimh.5 aonad árasán 1-leaba i mbloc sraithe. Beidh an fhorbairt atá beartaithe 2 stór ar airde ag dul síos go dtí stór amháin atá tadhlach le hUimh. 33 Páirc an tSáirséalaigh.
ii. Beidh rochtain ar na haonaid forbartha atá beartaithe amach ón lána do choisithe atá ann cheana féin, a bheartaítear a choinneáil.
iii. Tógáil ballaí teorann nua, uasghrádú cosán, oibreacha tírdhreacha crua agus boga, soilsiú, agus na hoibreacha bonneagair, láithreáin agus forbartha gaolmhara go léir is gá chun an fhorbairt bheartaithe a éascú.

Beidh pleananna agus sonraí na forbartha beartaithe ar fáil le hiniúchadh a dhéanamh orthu nó lena gceannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh ó 11ú Aibreán 2024 suas go dtí 6ú Meitheamh 2024 sin san áireamh le linn uaireanta oscailte oifige ag:

**Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas - Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24, D24 A3XC**

Tá pleananna agus sonraí na forbartha beartaithe ar fáil le hiniúchadh a dhéanamh orthu ar líne i rith na tréimhse céanna ar shuíomh gréasáin Thairseach Comhairliúcháin Phoiblí na Comhairle (http://consult.sdublincoco.ie)

Rinneadh scagadh le haghaidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) agus dearbhaíodh as nach bhfuil aon fhíordhóchúlacht ann go n-eascróidh éifeachtaí suntasacha ar an gcomhshaol ón bhforbairt bheartaithe. Rinneadh cinneadh nach bhfuil gá le MTT.

Rinneadh scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí (AA) maidir leis an bhforbairt atá beartaithe agus dearbhaíodh as nach bhfuil aon fhíordhóchúlacht ann go mbeidh éifeachtaí suntasacha ar shuíomh nó ar láithreáin Eorpacha. Rinneadh cinneadh nach bhfuil gá le AA.

Féadfaidh duine bailíocht aon chinnidh de chuid an údaráis pleanála a cheistiú trí iarratas ar athbhreithniú breithiúnach, faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986), de réir ailt 50 agus 50A den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú).

**Sínithe:** Stiúrthóir Tithíochta agus Forbartha Pobail, CCBÁCT.

**Suíomh Gréasáin**: www.sdcc.ie

**Dáta a Cuireadh an Fógra in Airde:** 11ú Aibreán 2024